Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025
(OR. en)

9696/25

LIMITE

CORLX 530
CFSP/PESC 805
RELEX 688
COHOM 88

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine[1], agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1998/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/1998.

(2) An 8 Nollaig 2020, trí bhíthin Dearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (‘an tArdionadaí’), thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, d’athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, leagtar béim ar a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach ag an Aontas é teachtadh éifeachtach chearta an duine ag an uile dhuine a bhaint amach. Is bunluach de chuid an Aontais agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) Is cúis imní don Aontas an brú faoi chois trasnáisiúnta atá á dhéanamh ag comhlachtaí stáit na hIaráine trí úsáid leanúnach a bhaint as seachghníomhairí, a bhaineann go háirithe le coirpigh agus líonraí coireachta eagraithe atá dírithe ar easaontaigh agus ar chosantóirí chearta an duine ar fud an domhain, lena n-áirítear ar chríoch an Aontais. Bhí na coirpigh agus na líonraí coiriúla eagraithe sin freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, mar shampla básuithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha agus fuadaigh fhorfheidhmithe daoine a cháin gníomhaíochtaí nó beartais Phoblacht Ioslamach na hIaráine, nó daoine a measadh a bheith i gcoinne Phoblacht Ioslamach na hIaráine ar bhealach eile.



PUBLIC

(4) Sa chomhthéacs sin, ba cheart ochtar agus eintiteas amháin a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CBES) 2020/1998 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '126. | Naji Ibrahim SHARIFI-ZINDASHTI ar a dtugtar freisin KENANI, Emirhan<br>SERIFI ZINDASTI, Naci<br>SERIFI-ZINDASTI, Naci<br>SHARIFI ZINDASHTI, Naji<br>SHARIFI-ZINDASHTI, Naji | ناجی ابراهیم شریفی زیندشتی<br>(Litriú Peirsise) | Dáta breithe: 31.5.1974<br>Áit bhreithe: Zindasht nó Orumiyeh, an Iaráin<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais: 2753229112<br>Eintitis chomhlachaithe:<br>Zindashti Network (Líonra Zindashti) | Is gáinneálaí drugaí támhshuanacha Iaránach agus ceann feadhna coireachta eagraithe é Naji Sharifi-Zindashti. Tá sé ina cheannaire ar Líonra Zindashti, grúpa coiriúil a rinne go leor gníomhartha diansmachta trasnáisiúnta lena n-áirítear feallmharuithe lasmuigh den Iaráin.<br>Tá baint aige le hAireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine (MOIS), arb í an brainse de rialtas na hIaráine a bhfuil sé de chúram air *inter alia* daoine a cháineann gníomhaíochtaí nó beartais Phoblacht Ioslamach na hIaráine a fheallmharú, nó daoine a mheasann Poblacht Ioslamach na hIaráine a bheith i gcoinne Phoblacht Ioslamach na hIaráine.<br>Dá bhrí sin, tá Naji Sharifi-Zindashti freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine lasmuigh den Iaráin, go háirithe básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha agus fuadach forfheidhmithe daoine. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 127. | Abdulvahap KOCAKar a dtugtar freisin<br>Abdolwahab KOCAK<br>Abdolvahab KUCHAK | | Áit bhreithe: Adiyaman, an Tuirc<br>Náisiúntacht: Turcach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais: Ul2429867 | Go hoifigiúil, is é Abdulvahap Kocak garraíodóir Naji Zindashti. Bhí sé ina fheallmharfóir freisin agus meastar go raibh baint aige le maruithe iomadúla a d'ordaigh Naji Zindashti agus a d'fhorghníomhaigh Líonra Zindashti.<br>Go háirithe, d'fheallmharaigh Abdulvahap Kocak an t-easaontóir Iaránach Mas'ud Molavi Vardanjani, coir inar ciontaíodh é sa Tuirc.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Abdulvahap Kocak le Naji Zindashti agus le Líonra Zindashti atá freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha. Tá sé freagrach freisin as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine lasmuigh den Iaráin, go háirithe maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 128. | Ali ESFANJANI | اسفنجانی علی<br>(Litriú Peirsise) | Dáta breithe: 15.8.1985<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais: P30251288 | Mar chuid de chomhcheilg de chuid Aireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine (MOIS) agus Líonra Zindasthi, chothaigh Ali Esfanjani cairdreas leis an easaontóir Iaránach Mas'ud Molavi Vardanjani, thug sé faisnéis do MOIS ina thaobh agus thug sé go dtí an áit inar mharaigh Abdulvahap Kocak é.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Ali Esfanjani le Naji Zindashti agus le Líonra Zindashti atá freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha. Tá baint dhíreach aige freisin le marú seachbhreithiúnach, achomair nó treallach trí chúnamh a thabhairt don mharú sin, é a ullmhú nó a éascú. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 129. | Ali KOCAK | | Áit bhreithe: Adiyaman Kahta,<br>An Tuirc<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Uimhir aitheantais:<br>20926131442 | Is é Ali Kocak deartháir Abdulvahap Kocak agus tá baint aige le Líonra Zindashti. Rinne Ali Kocak faireachas ar úinéir Gem TV na hIaráine, Saeed Karimian, sular maraíodh é agus tá amhras faoi go bhfuil sé freagrach as an marú féin.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Ali Kocak le sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, trí chuidiú le maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha, iad a ullmhú agus a éascú.<br>Ina theannta sin, go foirmiúil is é Ali Kocak tiománaí Naji Zindashti. Dá bhrí sin, tá baint ag Ali Kocak le Naji Zindashti agus le Líonra Zindashti atá freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 130. | Ekrem Abdulkerym OZTUNC<br>ar a dtugtar freisin<br>Ekrem ÖZTUNÇ | | Dáta breithe: 7.10.1984<br>Áit bhreithe: Yuksekova, an Tuirc<br>Náisiúntacht: Turcach<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: Orumiyeh, West Azerbaijan, an Iaráin<br>Uimhir aitheantais: U01292672 | Is nia le Naji Zindashti é Ekrem Oztunc agus comhlach dlúth de Líonra Zindashti. Bhí ról lárnach aige in orduithe maraithe a chur ar aghaidh, trí bhealaí criptithe, le linn iarrachtaí feallmharaithe an Líonra. Mar sin, tá baint ag Ekrem Oztunc le Naji Zindashti agus Líonra Zindashti, chomh maith le bheith freagrach as básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha agus fuadach forfheidhmithe daoine, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad, a phleanáil, a ordú, a éascú nó cúnamh a thabhairt dóibh. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 131. | Mohammed Reza ANSARI | | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann | Is é Mohammed Ansari ceannaire Aonad Fórsa Quds 840 i gCór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC). D'ordaigh sé go ndéanfaí iriseoirí a cháin réimeas na hIaráine a fheallmharú, lena n-áirítear beirt iriseoirí ó Iran International. Dá bhrí sin, tá Mohammed Ansari freagrach as maruithe seachbhreithiúnacha a phleanáil, a ullmhú agus a éascú, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad. | + |

PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 132. | Nihat Abdul Kadir ASAN ar a dtugtar freisin ASAN, Nihat<br>ASAN, Nihat Abdulkadir<br>EBRAHIMIHARKIAN, Ramin<br>KURD, Ibrahim<br>ASHAN, Nihat<br>BAHTIYAR | | Dáta breithe: 1.10.1981 nó 11.11.1981<br>Áit bhreithe: Van, an Tuirc<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais: 2751062326 (an Iaráin)<br>Pas: U13927927 (an Tuirc) | Is dlúthchomhlach de Líonra Zindashti é Nihat Asan, a raibh ról lárnach aige sa phleanáil lóistíochta le haghaidh go leor d'iarrachtaí feallmharaithe an líonra. Mar sin, tá baint ag Asan le Naji Zindashti agus Líonra Zindashti. Tá sé freagrach freisin as básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha, ar sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine iad, a phleanáil, a ordú, a éascú nó cúnamh a thabhairt dóibh. | + |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha (litriú Rúisise) | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostiú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| 133. | Reza HAMIDIRAVARI ar a dtugtar freisin Reza HAMIDI RAVARI | راوری حمیدی رضا<br>(Litriú Peirsise) | Dáta breithe: 31.10.1963<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais: V40150378 | Is oifigeach faisnéise é Reza Hamidiravari atá ag obair d'Aireacht Faisnéise na hIaráine (MOIS). Déanann sé maoirseacht ar oibríochtaí faoi stiúir MOIS de chuid Naji Zindashti, lena n-áirítear easaontaigh agus daoine a cháineann réimeas na hIaráine a mharú. Dá bhrí sin, tá baint ag eza Hamidiravari le Naji Zindashti agus le Líonra Zindashti atá freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha \ar chearta an duine, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha. | +' |

PUBLIC

\+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí faoin gceannteideal 'B Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| '34. | Zindashti Network (Líonra Zindashti) ar a dtugtar freisin líonra coiriúil Zindashti<br><br>eagraíocht choiriúil Zindashti | | Dáta clárúcháin: 18.8.1983<br><br>Príomháit a chuid gníomhaíochtaí: An Iaráin, an Tuirc, an Eoraip<br><br>Daoine aonair comhlachaithe: Naji Ibrahim Sharifi-Zindashti, Reza Hamidiravari, Nihat Abdul Kadir Asan, Ekrem Abdulkerym Oztunc, Ali Esfanjani, Ali Kocak, Abdulvahap Kocak | Is grúpa coiriúil é Líonra Zindashti a rinne go leor gníomhartha diansmachta trasnáisiúnta lena n-áirítear feallmharuithe lasmuigh den Iaráin.<br><br>Tá Líonra Zindashti faoi stiúir an gháinneálaí Iaránaigh drugaí támhshuanacha Naji Sharifi-Zindashti agus tá baint aige le hAireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine (MOIS), arb í an brainse de rialtas na hIaráine a bhfuil sé de chúram air *inter alia* daoine a cháineann gníomhaíochtaí nó beartais Phoblacht Ioslamach na hIaráine a fhuadach agus a fheallmharú, nó daoine a mheasann Poblacht Ioslamach na hIaráine a bheith i gcoinne Phoblacht Ioslamach na hIaráine.<br><br>Dá bhrí sin, tá Líonra Zindashti freagrach as sáruithe nó mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine lasmuigh den Iaráin, go háirithe básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achoimre nó treallacha agus fuadach forfheidhmithe daoine. | [+]' |

+ IO: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin Cur Chun Feidhme seo.



PUBLIC

| | Ainmneacha (Traslitriú isteach in aibítir na Laidine) | Ainmneacha | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna lena liostú | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Eintitis chomhlachaithe eile: Aireacht Faisnéise agus Slándála na hIaráine (MOIS), Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) | | |

PUBLIC